



BEARTAS CUMARSÁIDE

Tá bunús dlí leis an ngá atá le cumarsáid éifeachtach sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, faoina ráthaítear an ceart atá ag gach saoránach go gcuirfí ar an eolas iad faoi shaincheisteanna Eorpacha. Tá forbairt déanta ag institiúidí AE ar roinnt uirlisí agus seirbhísí chun fanacht i dteagmháil leis an bpobal agus é a chur ar an eolas. Ó seoladh é go foirmiúil in 2012, tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh tar éis deis a thabhairt do na saoránaigh a bheith níos rannpháirtí go díreach i reachtaíocht nua agus i saincheisteanna Eorpacha.

BUNÚS DLÍ

Níl aon chaibidil nó airteagal ar leith maidir leis an mbeartas cumarsáide le fáil sna Conarthaí. Mar sin féin, tá an stádas dlíthiúil céanna ag an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá ina ceangal dlí faoi Chonradh Liospóin, is atá ag Conarthaí AE. Cuireann an Chairt creat comhchoiteann ar fáil d'institiúidí uile AE chun a bhfuil bainte amach ag AE a nascadh le bunluachanna AE nuair a dhéantar cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne^[1]. I measc na n-airteagal ábhartha sa Chairt tá Airteagal 11 (an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, mar aon le saoirse agus éagsúlacht na meán), Airteagal 41 (an ceart éisteacht a fháil agus an ceart rochtain a fháil ar dhoiciméid a bhaineann leat féin), Airteagal 42 (an ceart rochtain a fháil ar dhoiciméid de chuid institiúidí AE) agus Airteagal 44 (an ceart achainí a dhéanamh). Ós rud é nach bhfuil aon bhunús dlí ar leith leis an mbeartas cumarsáide sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ní mór aon ghníomhaíocht a dhéantar sa réimse sin ar leibhéal AE a bheith i gcomhréir le hAirteagal 352 CFAE^[2].

CUSPÓIRÍ

Tá sé de dhualgas ar AE na cinntí agus na gníomhaíochtaí a dhéanann sé a chur in iúl do na saoránaigh agus do pháirtithe leasmhara eile. Tá sainfhoireann agus buiséid shonracha ag institiúidí AE a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil faisnéis faoi AE ar fáil go héasca i dteanga a thuigeann an saoránach. I measc na n-uirlisí cumarsáide a úsáidtear tá suíomhanna gréasáin, cuntais ar na meáin shóisialta, saoráidí do chuariteoirí, oifigí idirchaidrimh agus áitiúla i ngach Ballstát mar aon le seirbhísí speisialta do na meáin. Mura féidir leis na saoránaigh freagraí a fháil ar a gcuid ceisteanna ar na bealaí sin, tá ionaid teagmhála ann freisin (ar nós [Europe Direct](#) agus

[1] Féach [IO C 83, 30.3.2010, Ich. 389](#).

[2] Féach an Leagan Comhdhlúite den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ([IO C 115, 9.5.2008, Ich. 199](#)).



[Ask EP](#)) ar féidir leis na saoránaigh scríobh chucu nó gaoch orthu chun na freagraí atá uathu a fháil.

Agus rochtain ag saoránaigh AE ar fhaisnéis shoiléir, is é is fearr is féidir leo a gceart páirt a ghlacadh i saol daonlathach an Aontais a fheidhmiú, inar cheart cinntí a dhéanamh chomh hoscailte agus chomh gar do na saoránaigh agus is féidir, i gcomhréir le prionsabail an iolrachais, na rannpháirtíochta, na hoscailteachta agus na trédhearcachta.

Ó 2005, tá roinnt doiciméid bheartais faoin gcumarsáid eisithe ag an gCoimisiún. Is léiriú iad ar phróifíl ard an bheartais seo, atá bunaithe ar thrí phrionsabal:

- éisteacht leis an bpobal, agus a gcuid tuairimí agus an t-ábhar inní atá acu a chur san áireamh;
- an chaoi a ndéanann beartais an Aontais Eorpach difear do shaol laethúil na saoránach a mhíniú;
- nasc a chruthú le daoine go háitiúil trí labhairt leo ina suíomh náisiúnta nó áitiúil féin, trí na meáin is fearr leo.

Le linn théarma oifige Juncker sa Choimisiún, tá seirbhís uachtaránachta déanta d’Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide sa Choimisiún atá ag obair i dtreo an chuspóra uileghabhálaigh seo a leanas: ‘go n-aithneodh na saoránaigh go bhfuil AE ag obair chun feabhas a chur ar a saol agus go nglacfaidís páirt níos lárnaí i saol AE. Go mbraithfidís go dtugtar aird ar na hábhair inní atá acu i bpróiseas cinnteoireachta na hEorpa agus go mbeidís ar an eolas faoina gcearta in AE’.

Sa tréimhse roimh na toghcháin Eorpacha i mí na Bealtaine 2019, seolfaidh institiúidí AE feachtas speisialta eolais chun an saoránaigh a chur ar an eolas faoi na toghcháin agus faoin bhfáth a bhfuil tábhacht leis na toghcháin agus lena vóta araon.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Na príomhthionscnaimh (cuid acu):

- An clár [‘An Eoraip ar son na Saoránach’](#) (féach thíos freisin);
- An Eoraip a Chur i Láthair trí Chomhpháirtíocht (féach thíos freisin);
- An Chumarsáid faoin Eoraip tríd an Idirlíon – Teagmháil leis na Saoránaigh;
- ‘Debating Europe’ — fóram ar líne inar féidir le daoine na húdair inní atá acu a chur in iúl do lucht déanta cinntí;
- Suíomh ilfhreastail a dhéanamh den suíomh gréasáin ‘Europa’ le haghaidh institiúidí uile AE agus gach eolas a fháil faoi AE;
- An Eoraip a Chur i Láthair trí na Meáin Chlosamhairc, e.g. Líonra Raidió na hEorpa (<http://www.euranet.eu>), agus borradh a cur faoin gclúdach ar chúrsaí AE ar ardáin chlosamhairc nua agus atá ann cheana;
- An bhearna chumarsáide idir AE agus saoránaigh AE a dhúnadh trí chomhoibriú éifeachtúil agus trí chomhpháirtíochtaí.



B. An clár ‘An Eoraip ar son na Saoránach’

Tar éis gur iarradh ag cruinnithe na Comhairle Eorpaí in Tampere (1999) agus Nice (2000) go mbeadh idirphlé níos oscailte ann leis an tsochaí shibhialta, thionscain an Chomhairle Eorpach clár gníomhaíochta Comhphobail chun saoránacht ghníomhach Eorpach a chur chun cinn i mí Eanáir 2004 (Cinneadh 2004/100/CE ón gComhairle). Tar éis gur theip ar thionscadal an Bhunreachtá don Eoraip, tháinig an clár ‘An Eoraip ar son na Saoránach’ ina dhiaidh, ar mhaithe le saoránacht ghníomhach Eorpach a chur chun cinn, clár a bunaíodh le Cinneadh Uimh. 1904/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle don tréimhse ó 2007 go 2013 a raibh imchlúdach airgeadais EUR 215 milliún luaite leis^[3]. Bunaithe ar an moladh a rinneadh tar na meastóireachta meántearma ar an gclár in 2010, mhol an Coimisiún go foirmiúil, i mí na Nollag 2011, go leanfaí ar aghaidh leis an gclár ‘An Eoraip ar son na Saoránach’ – ach le hathchóiriú beag déanta air – laistigh den chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, 2014-2020^[4]. Cuirtear in iúl gurb iad na príomhchuspóirí ná ‘an fheasacht ar an stair a neartú agus cur le rannpháirtíocht na saoránach ar leibhéal an Aontais’ ^[5], agus ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an clár nua an 14 Aibreán 2014 (Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle)^[6]. Tá EUR 185.5 milliún de bhuiséad aige, ar buiséad laghdaithe é i gcomparáid leis an gclár a tháinig roimhe agus an chéad togra ón gCoimisiún. Faoin gclár ‘An Eoraip ar son na Saoránach’ (2014-2020) cuirtear maoiniú ar fáil in dhá réimse théamacha: (1) Feasacht ar Stair na hEorpa, atá dírithe ar bhunú stairiúil an tionscadail Eorpaigh; agus (2) Ról agus Rannpháirtíocht na Saoránach sa Saol Daonlathach, atá dírithe ar thuiscint na saoránach ar bheartais AE a threisiú agus, go háirithe, rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta sa chinnteoireacht Eorpach a bhaint amach. Tá an mheastóireacht mheántearma ar clár 2014-2020 ‘An Eoraip ar son na Saoránach’ dírithe ar ról dearfach an chláir ar an iomlán ó thaobh ról agus rannpháirtíocht na saoránach sa saol daonlathach a spreagadh^[7].

An 30 Bealtaine 2018, d’fhoilsigh an Coimisiún a thogra le haghaidh rialachán lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna (2021-2027); cuirtear snáithe an chláir ‘Ról agus Rannpháirtíocht na Saoránach’ in ionad chláir reatha ‘An Eoraip ar son na Saoránach’ agus tá buiséad EUR 233 milliún beartaithe lena aghaidh. On 6 March 2019, the European Parliament and the Council reached a [provisional agreement](#) on the programme, which now has to be formally approved by both Parliament and the Council.

C. An Eoraip a Chur i Láthair trí Chomhpháirtíocht

Is sa bhliain 2009 a tháinig an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú den chéad uair faoi thosaíochtaí cumarsáide idirinstiúideacha faoin dearbhú comhpháirteach maidir leis an Eoraip a Chur i Láthair trí Chomhpháirtíocht^[8], a síníodh i mí na Nollag 2008. Ba iad na ceithre thosaíocht a roghnaíodh ná na toghcháin Eorpacha, fuinneamh agus an t-athrú aeráide, comóradh 20 bliain ar an athrú

[3] Féach [IO L 378, 27.12.2006, Ich. 32](#).

[4] Féach [COM\(2011\) 0884](#).

[5] Ibid., Ich. 3.

[6] Féach [IO L 115, 17.4.2014](#), Ich. 3.

[7] Féach [COM\(2018\) 0170](#).

[8] Féach [COM\(2007\) 0569](#).



daonlathach i lár agus in oirthear na hEorpa, agus fás, poist agus dlúthpháirtíocht a chothú, agus béim ar leith ar Bhliain Eorpach na Cruthaitheachta agus na Nuálaíochta. Cuirtear in iúl sa doiciméad gurb é an aidhm atá ann ná ‘comhleanúnachas agus sineirgí idir na gníomhaíochtaí a dhéanann institiúidí éagsúla AE agus na Ballstáit a neartú, chun rochtain níos fearr a chur ar fáil do na saoránaigh agus cur lena dtuiscint ar an tionchar atá ag beartais AE ar leibhéal AE agus ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil’^[9].

D. An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Tríd an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, a tugadh isteach faoi Chonradh Liospóin, tugtar guth níos láidre do shaoránaigh AE – ón 1 Aibreán 2012 ar aghaidh – tríd an gceart a thabhairt dóibh a iarraidh go díreach ar an gCoimisiún tionscainm bheartais nua a thabhairt chun cinn. Tá sé ceaptha gné nua a chur le daonlathas na hEorpa, cur le sraith na gceart a bhaineann le saoránacht an Aontais agus cur leis an díospóireacht phoiblí faoi bheartais AE, lenar féidir fíorspás poiblí Eorpach a thógáil. Táthar ag súil go gcuirfidh cur chun feidhme an Tionscainm le rannpháirtíocht na saoránach agus na sochaí sibhialta eagraithe ó thaobh tionchar a imirt ar bheartais AE. I gcomhréir leis an gConradh, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle rialachán in 2011, tar éis togra a fháil ón gCoimisiún, ina leagtar síos na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialaítear an ionstraim nua seo^[10]. Leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh is féidir le milliún saoránach ó aon cheathrú de na Ballstáit ar a laghad a iarraidh ar an gCoimisiún tograí le haghaidh gníomhartha dlí a thabhairt chun cinn i réimsí ina bhfuil an chumhacht ag an gCoimisiún déanamh amhlaidh. Bíonn bliain amháin ag lucht eagraithe tionscainm ó na saoránaigh – coiste saoránach ar a bhfuil seachtar saoránach de chuid AE a bhfuil cónaí orthu i seacht mBallstát éagsúla ar a laghad – chun na ráitis tacaíochta a bhfuil gá leo a bhailiú. Bíonn an líon ráiteas tacaíochta le deimhniú ag an húdaráis inniúla sna Ballstáit lena mbaineann^[11].

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí tionchar mór ag teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin ar obair na n-institiúidí Eorpacha, sa chaoi is go gcuirtear níos mó béime anois ar thorthaí a bhaint amach ar mhaithe le saoránaigh AE trí chinnteoireacht atá níos éifeachtaí agus níos daonlathaí. Go háirithe, tá an Conradh um Athchóiriú tar éis cur le ról na Parlaiminte ó thaobh tionchar a imirt ar an Eoraip. Mar ionadaí dírfhófa ar shaoránaigh na hEorpa, tá dualgas soiléir ar an bParlaimint a léiriú céard atá i gceist leis an Eoraip agus leas na saoránach san Eoraip a chur in iúl agus gníomhú dá réir.

Is í Parlaimint na hEorpa teach na saoránach san Eoraip. Sna tuarascálacha uaithe, tá moltaí mionsonraithe déanta arís agus arís eile ag an bParlaimint chun feabhas a chur ar an gcaidreamh idir AE agus na saoránaigh. Mar shampla, i rún a glacadh i mí Mheán Fómhair 2010 mhol sí bealaí praiticiúla ar ar féidir le saoránaigh AE a bheith níos rannpháirtí sna díospóireachtaí faoi shaincheisteanna na hEorpa^[12]. Rinne

[9]Ibid., lch. 4.

[10]Féach [IO L 65, 11.3.2011, lch. 1](#).

[11]Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus achoimre a fháil ar na tionscainm atá oscailte agus dúnta, féach: <http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/welcome>

[12][IO C 308 E, 20.10.2011](#), lch. 55.



an Pharlaimint scrúdú ar an gcaoi ar féidir leis an gcumarsáid tús a chur leis an díospóireacht faoin Eoraip, í a spreagadh agus í a fhorbairt tuilleadh. Chuir sí in iúl go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh rialtais, páirtithe polaitiúla, ollscoileanna, craoltóirí seirbhíse poiblí agus institiúidí AE cumarsáid níos fearr chun go gcruthófar 'réimse poiblí Eorpach' le haghaidh díospóireachtaí.

Cuireann an Pharlaimint faisnéis agus doiciméid ar fáil ar a suíomh gréasáin in 24 theanga oifigiúla AE, agus bíonn sí le feiceáil go minic ar ardáin na meán sóisialta. Tá tábhacht leis na meáin ó thaobh tuairimí a scaipeadh. Tacaíonn an Pharlaimint leis na meáin trí fhaisnéis fhíriciúil, uirlisí agus saoráidí a chur ar fáil dóibh chun gur féidir leo gníomhaíochtaí na Parlaiminte a chlúdach. Déantar faireachán ar an gclúdach a dhéanann na meáin agus ceartaítear faisnéis bhréagach faoin bParlaimint trí mheán frísnéise. Ina theannta sin, is féidir leis na saoránaigh cuairt a thabhairt ar an seomra tionóil (in Strasbourg agus sa Bhruiséil), ar an [bParlamentarium](#) — ionad cuairteoirí na Parlaiminte — agus ar [Áras Stair na hEorpa](#) (an dá cheann acu sa Bhruiséil). Tá oifig idirchaidrimh amháin ar a laghad ag an bParlaimint i ngach Ballstát agus tá ionad cuairteoirí ag cuid acu. Is é ról na n-oifigí idirchaidrimh sin ná cabhrú leis na saoránaigh tuiscint a fháil ar an bParlaimint, ar an méid a dhéanann sí agus ar cé dó a seasann sí. Déanann siad amhlaidh trí theagmháil straitéiseach leis na saoránaigh, páirtithe leasmhara agus na meáin.

Tá ceangal na saoránach le AE ag éirí níos láidre faoi láthair. Is ábhar dóchais é sin tar éis blianta de dheargnaimhdeas i leith AE a tháinig as na géarchéimeanna airgeadais agus polaitiúla is déanaí. Mar sin féin, bíonn an ceangal sin le AE thuas seal thíos seal agus tá gá le straitéisí cuí agus beartais chuí i leith na cumarsáide ar leibhéal AE. Ní hamháin go bhfuil oibleagáid ar an bParlaimint i leith na saoránach a ndéanann sí ionadaíocht orthu páirt ghníomhach a ghlacadh i gcur le chéile na straitéisí agus mbeartas sin, ach is chun a leasa féin atá sé sin freisin.

Mar a tharla i mblianta roimhe seo, tá sé i gceist ag an bParlaimint na saoránaigh a choinneáil ar an eolas faoi thoghcháin 2019 agus faoin tábhacht atá leo do thodhchaí na hEorpa. Níl na bearta cumarsáide institiúideacha bainteach le páirtithe agus déantar iad chun tacú le feachtais aonair na bpáirtithe polaitiúla agus na n-iarrthóirí. Ós rud é nach bhfuil na bearta bainteach le páirtithe, beidh siad dírithe ar an méid atá bainte amach ag AE agus ag an bParlaimint agus ní ar an méid ba cheart dóibh a bhaint amach. In the framework of the Parliament 2019 elections campaign, a platform – thistimeimvoting.eu – was launched in 24 languages. It supported over 150 000 volunteers in all Member States, who signed up to get more people involved in the European elections and encouraged as many as possible to vote. Furthermore, Parliament's liaison offices in all Member States act as information hubs tailored to local needs.

Katarzyna Anna Iskra
05/2019

